C/2025/1688

14.3.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Márta 2025

lena gceaptar triúr ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia

(C/2025/1688)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint do na hainmniúcháin a chuir an Ghearmáin, an Liotuáin agus an Ísiltír faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, ardchaighdeáin eolaíocha, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar EFSA leis na Ballstáit a áirithiú.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, cuirtear de cheangal ar gach Ballstát comhalta agus comhalta malartach a ainmniú ina n-ionadaithe dóibh ar Bhord Bainistíochta EFSA. Tá na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna n-ainmniú mar sin le ceapadh ag an gComhairle go ceann téarma 4 bliana, ar téarma é a fhéadfar a athnuachan, agus beidh ceart vótála acu.

(3) Cheap an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh uaidh an 7 Aibreán 2022 ([2]), ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(4) I litir dar dáta an 31 Iúil 2024, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Dietrich RASSOW, comhalta malartach na Gearmáine, as oifig.

(5) I litir dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2024, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Marie-Ange DELEN, comhalta malartach na hÍsiltíre, as oifig.

(6) I litir dar dáta an 23 Eanáir 2025, cuireadh in iúl do EFSA gur éirigh Deividas KLIUČINSKAS, comhalta malartach na Liotuáine, as oifig.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, triúr ionadaithe nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaithe faoi seach.

(8) Tá taithí agus saineolas forleathan ábhartha ag na hionadaithe arna n-ainmniú ag an nGearmáin, an Liotuáin agus an Ísiltír i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus i réimsí ábhar bainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí chomh maith. Dá bhrí sin, lena gceapacháin, baintear amach i mBord Bainistíochta EFSA na caighdeáin is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí ábhartha atá ar fáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2026:

— Katharina KLUGE (an Ghearmáin),

— Audronė MIKALAUSKIENĖ (an Liotuáin),

— Pascalle DE RUYTER (an Ísiltír).

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C 159, 12.4.2022, lch. 6).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. DOMAŃSKI